

Foilsíodh in FEASTA, Meitheamh 2001, lch 8.

## **DO CHOMHDHÁIL BHUAN AN AONTAIS EORPAIGH (AE) FAOI FHADHBANNA TEANGA NA hEORPA**

**Ag meabhrú dúinn** na rabhadh ó theangeolaithe is ó oideachasóirí céimiúla faoin bpríacal go bhfuil ár dteangacha de réir a chéile á n-imeallú ag an mBéarla;

**Ag meabhrú dúinn** nach meán cumarsáide amháin an teanga, ach meán iompartha cultúir ar leith, cultúr nach ann dó gan an teanga;

**Ag meabhrú dúinn** go mbaineann an príacal seo le féiniúlacht na hEorpa, ar dlúthchuid di iliomad na gcultúr Eorpacha;

**Ag tabhairt dár n-aire dúinn** gur deacra is gur costasaí córas láithreach na dteangacha san AE – gach teanga a bheith ar chomhchearta, mar dhea – de réir mar a mhéadaíonn líon na dteangacha san AE ; go dtí nach ann a thuilleadh, dáiríre, do chomhchearta na dteangacha;

**Ag tabhairt dár n-aire dúinn** gur gá fadhb na cumarsáide idir Eorpaigh a réiteach i slí is éifeachtaí ná faoi láthair má tá aontú na hEorpa le leanúint ar aghaidh, mar is inmhianaithe, i dtreo na struchtúr polaitiúil agus osnáisiúnta;

**Tar éis dúinn é seo uile a mheas,**

**Molaimid** go mbunófaí **Comhdháil bhuan an Aontais Eorpaigh faoi Fhadhbanna Teanga na hEorpa**, faoi choimirce na n-údarás AE, go háirithe Pharlaimint na hEorpa, an foras AE is mó a fhulaingíonn ó na deacrachtaí teanga seo. Uair sa bhliain sa chathair chéanna a thioctadh an chomhdháil le chéile. I láthair bheadh ionadaithe an AE agus a chuid foras, polaiteoirí náisiúnta, teangeolaithe, oideachasóirí le cáilíochtaí ar leith, saineolaithe agus ionadaithe na n-eagraíochtaí Eorpacha. Phléifeadh an chomhdháil fadhbanna teanga na hEorpa, go háirithe fadhb na cumarsáide idir Eorpaigh, agus mholfadh réitigh chuí agus ní cinn sheachmallacha.

**DO PHOLAITEOIRÍ AGUS D'OIDEACHASÓIRÍ**

Iarraimid oraibh an ghairm seo a shíniú ag éileamh ar fhorais an AE aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna teanga na hEorpa ar bhonn eolaíoch, a léireoidh meas ar thuairimí éagsúla.

*Oostende, 1 Bealtaine 2000.*

*Glacadh d'aonghuth leis an rún seo ag comhdháil Eorpach na gluaiseachta Esperanto, a raibh breis is 500 ionadaí ó 15 bhallstát an AE, maille le hionadaithe ón bPolainn, ón Ungáir, ón bPoblacht Sheiceach, ón Liotuáin, ón Slóivéin is ón Iorua ag freastal uirthi.*